Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

# TIONCHAR EACNAMAÍOCH AGUS SOCHAÍOCH
# CHOLÁISTE NA hOLLSCOILE CORCAIGH



Samhain 2024

# BUAICPHOINTÍ SUNTASACHA

**€3.2 MILLIÚN**
cruthaithe go laethúil don gheilleagar

**>7,500**
céimí gach bliain

**€1.18 BILLIÚN**
tionchar eacnamaíoch iomlán ar bhonn bliantúil

**€6**
mar thoradh ar gach €1 d'infheistíocht an stáit

**€113 MILLIÚN**
mar infheistíocht i gcruthú agus i bhfionnachtain

**21%**
de mhic léinn ag teacht isteach ar chosáin rochtana éagsúla

Tacaíonn COC le
**1 PHOST AS GACH 13**
i gcathair agus i gcontae Chorcaí

**96.5%** de mhic léinn COC ag obair nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh céim a bhaint amach



# RÉAMHRÁ


Cúis mhórtais dom foilsiú na tuarascála seo ar thionchar Choláiste na hOllscoile Corcaigh ó thaobh na heacnamaíochta agus na sochaí de. Is mór an phribhléid dom ar bhonn laethúil na slite iontacha ina gclaochlaíonn an institiúid seo againne an saol seo agus eolas á chruthú agus á scaipeadh aici. Deineann an Ollscoil seo daoine aonair a ghríosú chun a gcuid tuairimí aonair a nochtadh agus chun cur leis an domhan trí chéile.

> *“Agus oideachas á chur aige ar lucht saothair san am atá le teacht agus taighde agus nuálaíocht cheannródaíoch á soláthar aige, cuireann COC go mór leis an tsochaí. Cuireann sé le dul chun cinn agus le hathrú dearfach.”*

Ábhar ceiliúrtha do COC é an tslí ina bhfuil an chruthaitheacht, na daonnachtaí, na heolaíochtaí agus cúrsaí gnó fite fuaite lena chéile. Fágann amhlaidh go gcothaítear timpeallacht na fionnachtana agus na nuálaíochta, ina dtagann mic léinn agus baill foirne ar eolas nua agus, le linn an phróisis, is minic a thagann siad ar eolas orthu féin leis. Sáraíonn an fhoghlaim agus an taighde anseo na teorainneacha traidisiúnta, agus cuirtear scoláireacht ar fáil anseo ina leagtar béim ar an eolas disciplíneach agus idirdhisciplíneach ar chur i bhfeidhm an eolais chéanna. Féachaimid siar agus sinn ag brath romhainn, ár n-oidhreacht shaibhir mar theoir againn agus sinn ag dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna an domhain atá ag athrú.

Inneall eacnamaíoch is ea COC ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, agus breis is €1 bhilliún á sholáthar aige don gheilleagar gach bliain. Tacaíonn sé le níos mó ná 21,000 post i gcathair agus i gcontae Chorcaí, agus gnóthaíonn sé €6 as gach euro atá infheistithe ag an stát. Imríonn COC tionchar lasmuigh den champas féin. Agus oideachas á chur aige ar lucht saothair san am atá le teacht agus taighde agus nuálaíocht cheannródaíoch á soláthar aige, cuireann COC go mór leis an tsochaí. Cuireann sé le dul chun cinn agus le hathrú dearfach. Cuireann COC oideachas ar mhic léinn Éireannacha agus mic léinn idirnáisiúnta agus má fhanann siad in Éirinn nó má fhilleann siad ar a dtíortha dúchais, cothaíonn COC ambasadóirí don am atá le teacht chomh maith le dea-thoil, rud a théann chun tairbhe na hOllscoile agus na hÉireann i gcoitinne.

Larraim go caoin ort an tuarascáil seo a scagadh d’fhonn teacht ar an iliomad slite ina bhfuil ról nach beag á imirt ag COC. A bhuí lenár ndaoine an dul chun cinn atá déanta againn, agus comhartha ar dhílseacht, cruthaitheacht agus dianobair ár bpobail uile is ea an tionchar a bhfuil cur síos air anseo. As lámha a chéile a thugaimid faoi thodhchaí níos gile, níos ionchuimsithí agus níos nuálaí.



An tOllamh John O’Halloran MRIA
**Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh**




# BROLLACH

Tá Coláiste na hOllscoile Corcaigh ina ollscoil atá rangaithe ar bhonn idirnáisiúnta ina ndírítear ar chúrsaí taighde. Tá sé lonnaithe i gcathair Chorcaí agus oidhreacht shaibhir oideachais agus chaidrimh aige a théann siar go dtí an bhliain 1845. Tá dea-theist air as scoth an léinn agus na nuálaíochta agus imríonn COC tionchar ar an ngeilleagar, an timpeallacht agus an tsochaí i bhfad ó gheataí na hollscoile féin. Le nach mór 180 bliain tá sár-oideachas á chur ar fáil ag COC agus céimithe á bhforbairt aici atá réidh chun na hoibre. Soláthraíonn sé taighde úrnua a chuireann dlús leis an bhforás sóisialta ar bhonn áitiúil, naisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá mórchuid scoláirí agus cruthaitheoirí ceannródaíocha cothaithe ag COC ó George Boole go dtí Dr Dora Allman agus Seán Ó Riada. Toisc go bhfuilimid meáite ar bharr feabhais a bhaint amach, tá COC chun tosaigh agus dea-thionchar á imirt aige ar an taighde, ar an oideachas agus ar an tsochaí.

Tá COC ar cheann de na fostóirí is mó i gCorcaigh agus 3,616 ball foirne lán- agus páirtaimseartha aige chomh maith le láimhdeachas de níos mó na €450m. Sa Bhliain Acadúil 2022/2023, bhí 24,386 Mac Léinn cláraithe in COC, agus 18% díobh seo ag teacht ó 126 tír éagsúil. Cuirtear an teagasc agus an taighde ar fáil i gceithre Choláiste: Gnó agus Dlí; Leigheas agus Sláinte; Eolaíocht, Innealtóireacht agus Eolaíocht Bhia; agus na hEalaíona, an Léann Ceilteach agus na hEolaíochtaí Sóisialta. Bhí COC ar an gcéad champas ollscoile ar domhan a ghnóthaigh Brat Glas agus tá sé sa 67ú háit in Rangú *Times Higher Education.* Tá dul chun cinn iontach déanta aige i dtaca le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna). Tá COC sa 6ú háit ar domhan nuair a thagann sé go dtí oideachas agus taighde inbhuanaithe Rangú UI *GreenMetric.*

Léirítear i bPlean Straitéiseach COC 2023 – 2028: *Go Buan Feasta:*[1] tiomantas COC chun forbairt a spreagadh i réimse an oideachais, an taighde, na nuálaíochta agus an chaidrimh. Cruthaíonn COC gníomhaíocht eacnamaíoch agus poist á gcruthú aige, earraí agus seirbhísí á gceannach aige, agus gaiscí taighde agus gníomhaíochtaí fiontraíochta á mbaint amach aige. Cothaítear lucht saothar atá oilte agus sciliúil ina chuid clár acadúil, rud a thacaíonn le forbairt an gheilleagair. Ina chuid taighde agus nuálaíochta, téann COC i ngleic le dúshláin dhomhanda agus cuireann sé lena chuid éifeachtachta agus tionchair. Saibhríonn sé an pobal áitiúil lena chuid tionscnamh cultúrtha agus lena chaidreamh sóisialta. Cothaíonn sé cultúr comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta mar aon le lucht ceannaireachta agus nuálaíochta




an ama atá le teacht. Tá dea-theist idirnáisiúnta ar COC as an tiomantas atá aige don inbhuanaitheacht agus tá COC mar cheannródaí leanúnach agus tionscnaimh á bhforbairt aige a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda, rud a fhágann rian nach beag ar phobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Déantar iniúchadh sa staidéar seo ar an tionchar a imríonn COC ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí agus é mar uasdátú ar thuarascáil 2018 Choláiste na hOllscoile Corcaigh ar an ábhar céanna. Baintear leas as Bliain Airgeadais 2021/2022 mar bhliain tagartha san anailís airgeadais. Leagtar béim sa tuarascáil seo ar mhórthionchar fairsing COC ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí agus an chultúir de, rud a léiríonn an ról lárnach a imríonn sé i réigiún Chorcaí agus ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirtear ar fáil inti roinnt cás-staidéar mar shamplaí den éifeacht fhairsing agus leathan atá ag COC.

*“Tuarscáil í seo atá dea-scríofa, inrochtana agus soiléir. Chuathas i mbun na hanailíse agus an chur i láthair go docht agus go hoibiachtúil, agus léirítear dea-chleachtas mar atá i staidéir tionchair eile ó ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais in Éirinn agus lasmuigh di, an Ríocht Aontaithe san áireamh. Dearbhaíonn na torthaí an tionchar suntasach a imríonn COC ó thaobh na sochaí agus an gheilleagair de ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.”*

**Emeritus le Polasaí Fiontraíochta, Ollscoil Heriot-Watt agus Comhalta Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta (Athbhreithneoir Seachtrach)**

---

[1] *Tá Plean Straitéiseach COC 2023 – 2028: Go Buan Feasta, ar fáil ag:* www.ucc.ie/en/president/strategy2028

**€3.2 MILLIÚN**
cruthaithe go laethúil don gheilleagar

**21,000**
post á dtacú i gcathair agus i gcontae Chorcaí

Tionchar eacnamaíoch iomlán de
**€1.18 BILLIÚN**
gach bliain

**€6**
mar thoradh ar gach €1 d'infheistíocht an stáit

**AN 4Ú hÁIT**
is mó a dtugann turasóirí cuairt uirthi i gCorcaigh (Tripadvisor)

**AN 3Ú FOSTÓIR**
fostóir is mó i gCorcaigh

Tacaíonn COC le
**1 PHOST AS GACH 13**
i gcathair agus i gcontae Chorcaí




# TIONCHAR EACAMAÍOCH

Cuireann mic léinn agus baill foirne chomh maith le cuairteoirí ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta lena gcuid caiteachais indírigh agus mheallta, iad ag tacú le gnólachtaí áitiúla agus Corcaigh á nascadh acu leis an saol mór. Déantar an éifeacht dhíreach a thomhas mar mhéadú ar aschur tionscadail áirithe chun freastal ar éileamh méadaithe. Eascraíonn an éifeacht indíreach as aschur méadaithe na soláthraithe agus a gcuid slabhraí soláthair. Mar thoradh ar na méaduithe seo, tagann méadú ar ioncam iomlán an gheilleagair. Tarlaíonn an éifeacht mheallta nuair a chaitear cuid den ioncam seo in athuair ar tháirgí agus seirbhísí eile[1]. Cuimsítear san anailís seo an tionchar díreach, indíreach agus meallta a bhaineann le caiteachas fhoireann, mhic léinn, chéimithe agus chuairteoirí na hollscoile mar aon le alumni sa chéad bhliain acu tar éis dóibh céim a ghnóthú.[2]

Baineadh leas as iolraitheoirí eacnamaíocha chun cainníochtú a dhéanamh ar thionchar iomlán na gcaiteachas éagsúil ag an ollscoil: díreach (Cineál I), indíreach (Cineál I) agus meallta (Cineál II) Sainmhínítear iolraitheoir aschuir Chineál I le haghaidh tionscadal áirithe mar iomlán na n-aschur ó gach tionscal intíre a bhfuil ceangal orthu aonad breise aschuir a sholáthar.[3] Cuimsítear in iolraitheoir Chineál II, ní hamháin an méadú ar an éileamh ar inchuir idirmheánacha ach éifeachtaí tomhaltais tí mheallta, arna nginiúint ag athruithe in ioncam tuarastail, mar mhíreanna inghiniúla i bpróiseas an iolraitheora.[4] Má úsáidtear iolraitheoir Chineál I de 1.066[5] agus iolraitheoir Chineál II de 1.351[6] , agus má ghlactar le 2022 mar bhliain ionadaíoch, cruthaíonn COC €3.2 milliún gach lá le haghaidh gheilleagar na hÉireann ina bhfuil tionchar eacnamaíoch iomlán (Oll-Luach Breise) de €1.18 billiún in aghaidh na bliana. An tionchar a leanann an caiteachas seo ná €1.18 billiún gach bliain agus déantar ranníocaíocht anuas air sin mar chánachas de €218 milliún breise gach bliain. Cuirtear san áireamh leis seo ranníocaíochtaí CBL agus árachais shóisialta, mar aon le ranníocaíochtaí párolla agus árachais shóisialta fhoireann, chéimithe agus mhic léinn COC chomh maith leis an CBL a thagann ó chuairteoirí ar COC. Cruthaítear €1.18 billiún mar aschur, agus cuireann an stát infheistíocht dar luach €198 milliún ar fáil, rud a léiríonn €6 do gheilleagar na hÉireann mar thoradh ar gach €1 d'infheistíocht ón stát (inchur).[7]

Seasann láimhdeachas COC ag €452 milliún gach bliain[8], agus tagann 44% (€198.5 milliún) ón stát. Gnóthaíonn COC an maoiniú eile (56%) ó fhoinsí nach foinsí státchiste iad. Sa bhliain 2022, as gach €1 a d'infheistigh an stát in COC, fuair an stát thart ar €1.1 mar thoradh i bhfoirm CBL agus cánacha párolla, lena n-áirítear ranníocaíochtaí na bhfostaithe[2]. Bunaithe ar an meánphá náisiúnta[3], dheineamar anailís

ar iomlán na bpost arna dtacú ag caiteachas COC, a fhoireann, a mhic léinn, a chéimithe agus a chuairteoirí, agus tugadh faoi deara go dtacaíonn COC le 21, 219 post (9,792 go díreach agus 11,427 go hindíreach/meallta). Is ionann é seo agus post as gach 13 phost i gcathair agus i gcontae Chorcaí[4].

Agus 3,616 fostaí lán- agus páirtaimseartha aige, tá COC ar an tríú fostóir is mó i gCorcaigh. Imríonn an Ollscoil ról nach beag san éiceachóras eacnamaíoch agus tá tionchar láidir aige ar an ngeilleagar. Tá a chuid foirne roinnte mar seo: 1,035 (acadúil), 1,078 (taighde), 1,503 (gairmiúil), agus iad ag tuilleamh €293 in aghaidh na bliana, costais foirne agus phinsin san áireamh. Tá tionchar dearfach ag an 24,386 mac léinn Éireannach agus idirnáisiúnta de chuid COC ar an ngeilleagar áitiúil, iad ag caitheamh €259.7 milliún ar bhonn díreach, indíreach agus meallta gach bliain, rud a thacaíonn le miondíol, fáilteachas, iompar agus tithíocht sa cheantar máguaird. Nuair a bhristear an méid seo síos, cruthaíonn caiteachas díreach na mac léinn 'Éireannacha' €178 milliún le haghaidh an gheilleagair áitiúil gach bliain, rud a thacaíonn le 3,929 post. Ina theannta sin, meallann COC mic léinn idirnáisiúnta chun cur fúthu i gCorcaigh agus is as tíortha thar lear thart ar 18% de mhic léinn in COC. Cuireann siad seo go mór leis an gcaiteachas sa gheilleagar áitiúil. Maidir le tionchar an chaiteachais ar bhonn díreach, indíreach agus meallta, cruthaíonn na mic léinn 'idirnáisiúnta' €81.7 milliún le haghaidh an gheilleagair agus tacaíonn siad le 1,803 post.

Téann céim de chuid COC go mór chun sochair na gcéimithe ó thaobh na fostaíochta agus an tuillimh de. Is minic a dhéantar tagairt dó seo mar bhiseach na gcéimithe. I gcomparáid leo siúd nár bhain an t-oideachas tríú leibhéal amach, is é an sochar eacnamaíoch le haghaidh céimithe ó COC ná €10,209 in aghaidh na bliana, bunaithe ar thuarastal tosaigh na gcéimithe. Céimithe ó COC a fhanann agus a oibríonn in Éirinn, cruthaíonn siad luach breise eacnamaíoch le haghaidh an gheilleagair dar luach suas le €98 milliún sa chéad bliain tar éis dóibh céim a ghnóthú, nuair a chuirtear amhlaidh i gcomparáid leo siúd nár bronnadh céim orthu[5].

Imríonn COC tionchar dearfach ar earnáil na turasóireachta i gCorcaigh agus na mílte cuairteoirí á mealladh aige gach bliain. Cuimsítear anseo turasóirí, mic léinn ionchasacha, cairde agus teaghlaigh na mac léinn, rannpháirtithe i gcomhdhálacha, lucht féachana na n-imeachtaí spóirt agus sóisialta a óstáiltear ar an gcampas. Ar bhonn laethúil, fáiltíonn COC roimh na céadta cuairteoirí, agus glacann thart ar 15,000 duine aonair páirt i dturais timpeall an champais atá eagraithe gach bliain. Tá cáil nach beag ar lá oscailte na hOllscoile san fhómhar gach bliain nuair a mhealltar níos mó ná 500 mac léinn ionchasacha in aon lá amháin le haghaidh turais treoraithe. Rud a léiríonn clú COC is ea an Gradam Traveler's Choice a fuair sé agus faoi láthair tá sé rangaithe sa 4ú háit as 147 áit a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu i gCorcaigh dar le Tripadvisor, rud a fhágann gurb é an ceann scríbe is cáiliúla i gCorcaigh nach bhfuil dírithe ar thurasóirí go príomha. Thug ní ba mhó ná 54,000 cuairteoir ar Áiléar Glucksman amháin in 2023[1]. Tagann níos mó ná 3,500 cuairteoir chuig COC gach bliain chun freastal ar chomhdhálacha. Bunaithe ar €1,357 mar mheánchaitheamh na gcuairteoirí a thagann chun na hÉireann, caitheann cuairteoirí ar COC €74.4 milliún in aghaidh na bliana i gCorcaigh agus sa cheantar máguaird. Má ghlactar leis gurb í seachtain an ghnáth-thréimhse chuairte in Éirinn, fágann sin go gcaitheann cuairteoirí ar COC €10.6 milliún in aghaidh na bliana.[2]

> *Téann Coláiste na hOllscoile Corcaigh go mór chun tairbhe na cathrach, agus €3 mhilliún á chur i ngeilleagar na hÉireann aige lá i ndiaidh lae. Tá COC ar cheann de na fostóirí is mó i gCorcaigh agus ní hamháin go gcuireann sé deiseanna luachmhara fostaíochta ar fáil ach cothaítear lucht saothair oilte ann a chuireann le fás an réigiúin go léir. Tá siad tiomanta d'oideachas agus taighde a sholáthar, rud a chuireann go mór le dea-theist Chorcaí mar mhol eolais agus nuálaíochta. Cúis mhórtais dúinn go bhfuil COC mar chomhpháirtí lárnach againn agus sinn ag brath romhainn le haghaidh gheilleagair na cathrach agus an chontae*
>
> **- Rob Horgan, Uachtarán, Comhlachas Chorcaí**




# CÁS-STAIDÉAR:

# TELEA

**Bronnadh gradam ar na bogearraí seo a chruthaíonn naisc idir teiripeoirí urlabhra agus othair**

Bronnadh céim sa Teiripe Urlabhra agus Teanga de chuid COC ar Clare Meskill sa bhliain 2020 agus bhunaigh sise *Telea*, comhlacht Leighis-Eolaíochta a chónascann teiripe urlabhra agus teanga le forbairt bogearraí chun teiripe ghutha a sholáthar do dhaoine a bhfuil galar Parkinson orthu. Tá galar Parkinson ar an ngalar néaraimheathlúcháin is tapúla fás agus tagann athruithe ar ghuth 90% díobh siúd a bhfuil an galar seo orthu. Tá sé d'acmhainn ag teicneolaíocht dhigiteach na teiripe urlabhra de chuid Telea teacht i gcabhair ar 12,000 duine in Éirinn a bhfuil galar Parkinson orthu chun a nguth a choinneáil agus chun moill a chur le héifeachtaí an ghalair. Agus an aip in úsáid acu, is féidir le hothair teacht ar chúram ag baile, iad ag cleachtadh as a stuaim féin, agus aiseolas fíor ama á fháil acu óna dteiripeoir urlabhra agus teanga, rud a shábhálann am na dteiripeoirí urlabhra agus a laghdaíonn liostaí feithimh na n-othar. Tháinig Clare ar an smaoineamh maidir le *Telea* le linn na tríú bliana aici in COC agus i ar shocrúchán oibre nuair a chonaic sí di féin an chumhacht atá ag dianteiripe ghutha ar othair fhásta a bhfuil an galar Parkinson orthu. Glacadh le Clare ar chlár IGNITE de chuid COC mar ar shealbhaigh sí na scileanna agus na cumais a theastaíonn chun gnólacht nuathionscanta a reáchtáil. Sa bhliain 2022, bhailigh Telea €700,000 mar réamh-shíolchiste ó Fhiontraíocht Éireann agus ó infheisteoirí príobháideacha. Tá ardán Telea comhtháite mar chuid de shamhail soláthair seirbhíse i gclinicí teiripe urlabhra agus teanga san NHS, an FSS agus in ospidéil phríobháideacha in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus i SAM.

---

*[1] I gcás Iolraitheoirí Náisiúnta, géilleann an Phríomh-Oifig Staidrimh do Thábhlaí na hAlban. Úsáidtear na 'Supply, Use and Input-Output Tables 2023', de chuid Rialtas na hAlban anseo agus is féidir teacht orthu sin ag* https://tinyurl.com/SG-Type-2.

*[2] Le haghaidh na hanailíse Ionchuir-Aschuir, an phríomhfhoinse maidir le hiolraitheoirí Ardoideachais ab ea Zhang et al. (2015), ar fáil ag* https://doi.org/10.1080/03075079.2015.1111324.

*[3] Input-Output Methodology Guide, Version 8, Rialtas na hAlban, 2023, ar fáil ag* https://tinyurl.com/Inout-Output.

*[4] Hermannsson et al. (2015), ar fáil ag* https://doi.org/10.1080/03075079.2014.899338.

*[5] Iolraitheoir Chineál I as Zhang et al. (2016), ar fáil ag* https://www.esr.ie/index.php/twpb/article/view/521.

*[6] Iolraitheoir Chineál II as Zhang et al. (2015), ar fáil ag* https://doi.org/10.1080/03075079.2015.1111324.

*[7] Tar éis fhoilsiú na n-iolraitheoirí seo, chuir COC lena chuid cumais i dtaca le tionchar áitiúil agus réigiúnach le deich mbliana anuas inar leagadh béim bhreise ar nuáil agus tráchtálú an taighde. Bíodh is nach féidir seo a chainníochtú a thuilleadh gan anailís agus suirbhéireacht bhreise a dhéanamh, táimid den tuairim gur iolraitheoirí coimeádacha iad seo.*

*[8] Ráitis Airgeadais Iniúchta COC 2022, ar fáil ag* https://tinyurl.com/UCC-FInancial-Statement-2022.

*[2] Toisc gur foilsíodh an tuarascáil seo sa bhliain 2024, agus an bhliain tagartha 2022 aici, ní thuairiscítear inti an tionchar eacnamaíoch iomlán nuair a chuirtear sin i gcomparáid le táscairí eacnamaíochta 2024, de dheasca na mboilscithe praghsanna is déanaí.*

*[3] An meántuilleamh náisiúnta ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ar fáil ag* https://tinyurl.com/EarningsLabourCosts2022.

*[4] Bunaítear an t-áireamh seo ar líon iomlán na ndaoine atá 15 bliana nó níos mó agus atá ag obair i gcathair agus i gcontae Chorcaí agus é sinn roinnte ar líon iomlán na bpost arna dtacú ag COC (díreach, indíreach agus meallta san áireamh). Tógtar líon iomlán na bpost i gcathair agus i gcontae Chorcaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar fáil ag* https://data.cso.ie/product/c2022p7.

*[5] Sa bhliain 2022, thuillfidís siúd, nár bronnadh céim orthu agus iad ar an íosphá, 20,202. Tar éis cánach agus ranníocaíochtaí sóisialta bheadh 18,837 i gceist. Agus coigeartú déanta ar ranníocaíochtaí pinsin agus rátaí sábhála naisiúnta, fágann sin go mbeadh 15,640 le caitheamh ar bhonn bliantúil acu siúd nár bronnadh céim orthu. Bunaithe ar shonraí an ÚAO, measaimid go mbeadh 38,315 tuilte ag céimithe de chuid COC. Nuair a dhéantar an coigeartú céanna ar chánacha, coigealtas srl. measaimid go mbeadh 25,849 le caitheamh ag céimithe. Sheasfadh an difear idir 25,849 agus 15,640 do bhiseach bliantúil 10,209 de chuid na gcéimithe.*

*[1] Annual Visitor Attractions Survey 2022. Fáilte Ireland, ar fáil ag:* https://tinyurl.com/visitor-attraction-survey-2022.

*[2] Le 54,843 cuairteoir ar Áiléar Glucksman in COC. Caitheamh iomlán an chuairteora le haghaidh gach turais ón CSO is ea 1,357. Má ghlactar le turas seachtaine, seasann lá amháin ar cuairt in COC do 193.87 ( 1,357 / 7) mar chaiteachas. Is ionann é sin agus 10.6 milliún (54,843 x 193.87) á chaitheamh ag cuairteoirí ar COC gach bliain.*

**24,386**
mac léinn cláraithe

**96.5%** an ráta fostaíochta i measc chéimithe COC laistigh de naoi mí

Is iad ag barr na hearnála, seasann Rátaí Coinneála na Mac Léinn ag
**92.7%**
ar an meán le cúig bliana anuas

**>7,500 CÉIMÍ**
a théann isteach i margadh na bpostanna gach bliain

**4,378** mac léinn idirnáisiúnta as **126** tír



# COTHÚ CUMAIS TALLAINNE AGUS TIONCHAR NA SOGHLUAISTEACHTA

Agus 24,386 mac léinn cláraithe sa Bhliain Acadúil 2022/2023, léiríonn céimithe Choláiste na hOllscoile Corcaigh sárscileanna ina gcuid fostaíochta agus imríonn siad ról lárnach i bhforbairt lucht saothair na hÉireann. Tá gá le lucht saothar léannta agus oilte chun freastal ar éilimh an gheilleagair agus na sochaí in Éirinn agus lasmuigh di, agus cuirtear ar fáil in COC oideachas atá dírithe ar ghairmeacha dá gcuid mac léinn chomh maith le taithí chomhtháite socrúcháin oibre a bhfuil gá léi chun go mbeidís mar bhaill den lucht saothair agus mar cheannairí feasta. Bronntar céimeanna ar níos mó ná 7,500 mac léinn gach bliain agus tá níos mó ná 22,000 alumni ag COC ar fud fad an domhain. Sa bhliain 2023, bhronn COC 3,639 fochéim, 2,099 Máistreacht agus 182 Dochtúireacht. Cothaítear céimithe ardoilte in COC a líonann na príomhbhearnaí sna scileanna ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus tá éiceachóras láidir aige de dhea-chaidreamh oibre le páirtithe i dtionsclaíocht agus den fhoghlaim chomhtháite oibre. Leagtar amach i bPlean Straitéiseach COC 2023 – 2028: Go Buan Feasta tiomantas COC d'oideachas atá ar ardchaighdeán agus é ag cur leis an teacht ar an ardoideachas a bhíonn ag grúpaí faoi ghannionadaíocht.

In COC, cinntítear rathúlacht na mac léinn ach curaclam cónasctha a chur ar fáil, arna thacú ag forbairt thréithe an chéimí a sháraíonn eolas disciplíneach amháin, rud a fhágann go mbeidh na céimithe seo againne ina saoránaigh dhomhanda éifeachtacha. Ní anailís eacnamaíoch amháin a thaispeánfaidh gníomhaíochtaí rathúlachta na mac léinn, agus is cóir a thabhairt faoi deara go gcuireann Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, foghlaim chomhtháite oibre agus gníomhaíochtaí eile le dul chun cinn ar bhonn áitiúil agus náisiúnta[1]. Cuireann COC níos mó ná 70 clár fochéime agus 220 clár iarchéime ar fáil, mar aon le raon leathan deiseanna uas-scilithe agus forbartha gairmiúla leanúnaí sna ceithre Choláiste, san Aosoideachas Leanúnach, i bhForas Bainistíochta na hÉireann agus san Ionad um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Tá an t-oideachas ar an gcaighdeán is fearr amuigh, mar a léiríodh in 2023 sa mheasúnú neamhspléach is déanaí ar COC a rinne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)[2]. Tá an fhoghlaim chomhtháite oibre ina gné de mhórchuid cúrsaí agus cuirtear níos mó ná 1,000 socrúchán oibre ar fáil do mhic léinn gach bliain sna cláir fho- agus iarchéime. Tá rátaí coinneála na mac léinn ag barr na hearnála in COC agus iad ag thart ar 92.7% le cúig bliana anuas, rud a léiríonn rathúlacht agus folláine na mac léinn. Soláthraíonn COC cosáin éagsúla oideachais ina gcruthaítear deiseanna foghlama atá ionchuimsitheach agus solúbtha chun freastal ar éilimh éagsúla oideachais, forbartha gairmiúla agus foghlama fadsaoil a phobail. Cuimsítear leis seo gearrchúrsaí, micri-dhintiúir ina shealbhaíonn na foghlaimeoirí sainscileanna agus eolas laistigh de scála gairid ama agus is minic a bhaineann siad seo le riachtanais na tionsclaíochta.

Agus mic léinn ó 126 tír ó gach cearn den domhan mar aon leis an éagsúlacht i

bpobal na mac léinn agus an timpeallacht ionchuimsitheach atá aige, ullmhaíonn COC mic léinn le bheith mar shaoránaigh dhomhanda. Léirítear amhlaidh i ndul chun cinn a chuid mac léinn agus níos mó na 96.5% de na céimithe ar fáil chun dul ar aghaidh san fhostaíocht nó sa bhreisoideachas laistigh de naoi mí (75% fostaithe; 18.5% ag gabháil do staidéar breise; 3% gan bheith ar fáil). Oibríonn cuid mhaith céimithe de chuid COC in earnálacha a théann i ngleic le dúshláin na sochaí agus an sciar is mó de chéimithe fostaithe, 24% fostaithe i sláinte an duine agus san obair shóisialta, 20% san árachas airgeadais agus san eastát réadach agus 10% san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.

Agus mic léinn ó 126 tír ó gach cearn den domhan mar aon leis an éagsúlacht i bpobal na mac léinn agus an timpeallacht ionchuimsitheach atá aige, ullmhaíonn COC mic léinn le bheith mar shaoránaigh dhomhanda. Léirítear amhlaidh i ndul chun cinn a chuid mac léinn agus níos mó na 96.5% de na céimithe ar fáil chun dul ar aghaidh san fhostaíocht nó sa bhreisoideachas laistigh de naoi mí (75% fostaithe; 18.5% ag gabháil do staidéar breise; 3% gan bheith ar fáil). Oibríonn cuid mhaith céimithe de chuid COC in earnálacha a théann i ngleic le dúshláin na sochaí agus an sciar is mó de chéimithe.

> *Comhpháirtí fíorthábhachtach is ea Coláiste na hOllscoile Corcaigh do Johnson Controls Ireland, agus céimithe á gcur ar fáil aige de shíor a bhfuil an nuálaíocht, an smaointeoireacht chriticiúil agus an inoiriúnaitheacht go smior iontu. Leagann COC béim ar bharr feabhais san oideachas agus i gcomhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta agus mar sin tá sruth leanúnach daoine ardoilte curtha ar fáil aige dúinn a chinntíonn go bhfuilimid mar cheannródaí tionscail. Is mór againn an chomhpháirtíocht atá againn le COC agus sinn ag súil le comhoibriú leanúnach agus sinn ag brath romhainn sa chomhlacht.*
>
> **- Eamonn Hughes, Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta, Johnson Controls**

[1] *Féach teistiméireacht Eamonn Hughes, Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta, Johnson Controls.*

[2] *CINNTE Institutional Review Report 2023, ar fáil ag: https://tinyurl.com/CINNTE-UCC-2023.*






# CÁS-STAIDÉAR: CLÁR THRÉITHE AN CHÉIMÍ

**Spleodar na todhchaí a chothú sna mic léinn**

Imríonn eispéireas na mac léinn laistigh agus lasmuigh den seomra ranga ról nach beag agus is mar sin a mhúnlaítear iad mar dhaoine fásta amach anseo agus na comharthaí sóirt orthu gur céimithe COC iad. Dírítear i gclár lárnach de chuid COC *Clár Thréithe* an Chéimí ar na cáilíochtaí, na scileanna agus na modhanna tuisceana den chéad scoth a sealbhaíonn na mic léinn iad le linn dóibh a bheith ag plé le cúrsaí acadúla agus seach-churaclaim in COC. Cuireann an clár seo le forbairt phearsanta agus ghairmiúil na mac léinn ar bhonn struchtúrtha, rud a chinntíonn go bhfuil siad ullmhaithe i gceart le haghaidh chastachtaí an domhain nua-aimseartha. Ullmhaítear na mic léinn sa chlár seo conas maireachtáil agus foghlaim i dtodhchaí chromhchruthaithe agus chomhroinnte agus iad mar cheannairí ag glacadh ról gníomhach chun éabhlóid chóir agus inbhuanaithe ár bpobal, ár sochaí agus ár ngeilleagair a chur chun cinn. Agus an bhéim á leagan ar thréithe eadhon cruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil, cumarsáid éifeachtach, scileanna digiteacha agus saoránacht dhomhanda, tá sé i gceist ag COC daoine dea-oilte a chothú i dtreo is go mbeidh siad in ann cur leis an tsochaí ar bhonn dearfach agus dul chun cinn nach beag a dhéanamh ina gcuid gairmeacha. Tacaítear le mic léinn sa chlár seo machnamh a dhéanamh ar a bhfás pearsanta agus lánpháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chuireann lena gcuid scileanna agus cumas. Soláthraítear sa chlár seo treoir phearsanta i dtreo is go mbeidh mic léinn in ann a gcuid cuspóirí aonair a aithint agus a bhaint amach. Ó seoladh é i mí Mheán Fómhair 2018, tá níos mó na 14,500 mac léinn tar éis tairbhe a bhaint as tionscnaimh an chláir.



**€113 MILLIÚN**
infheistithe i dtaighde agus nuálaíocht

**€10.4 MILLIÚN**
infheistithe i dtaighde agus nuálaíocht ag comhpháirtithe tionscail

**#1**
hollscoil in Éirinn ó thaobh tionchair de

**#1**
hollscoil in Éirinn ó thaobh comhoibrithe tionscail de

**4 MHAC-CHUIDEACHTA**
cruthaithe in 2023

**7**
bpaitinn faofa in 2023



# TIONCHAR TAIGHDE, NUÁLAÍOCHTA AGUS GNÓ

Cuireann cumais taighde agus nuálaíochta Choláiste na hOllscoile Corcaigh go mór le tionchar na hollscoile i gcoitinne. Tá 2,113 ball foirne acadúil agus taighde inár bpobal taighde agus cuireann siad taighde ar fáil a imríonn tionchar ar an domhan, atá slán ó thaobh na tráchtála de agus a chuireann leis an tsochaí. A bhuí leis na comhpháirtíochtaí atá ag COC le gréasán éagsúil comhoibrithe tionscail, rialtais agus acadúla, cuireann sé réitigh nuálacha ar fáil le haghaidh dúshláin dhomhanda ina chlár Todhchaíochtaí COC. Seoladh an tionscnamh seo sa bhliain 2021 agus tacaítear le taighde den chéad scoth ag sarú na dteorainneacha disciplíneacha chun réitigh ar mhórcheisteanna an domhain a sholáthar. Cuireann feabhas taighde i sláinte dhomhanda, forbairt inbhuanaithe, nanaitheicneolaíocht, intleacht shaorga, agus sna daonnachtaí go mór le saol daoine ar fud an domhain. Leagtar amach i bPlean Straitéiseach COC 2023 – 2028: Go Buan Feasta fócas athnuaite ar thaighde ar ardchaighdeán agus ar éiceachóras nuálaíochta láidir, ag cur forbairtí agus deiseanna fostaíochta chun cinn.

Ollscoil cheannródaíoch taighde is ea COC, agus é mar an ollscoil is fearr in Éirinn ó thaobh thionchar an taighde de mar a léirítear in Rangú Ollscoileanna *Times Higher Education 2023*[1]. Sa Bhliain Airgeadais 2022/2023, bronnadh €113 milliún ar COC i gcomórtais ar mhaoiniú taighde agus nuálaíochta agus bhí sé ar an dara hinstitiúid ardoideachais ab fhearr in Éirinn chun infheistíocht taighde agus nuálaíochta a lorg agus a ghnóthú. As maoiniú iomlán an ioncaim taighde a fuair COC, tháinig €81.9 milliún ón státchiste agus €31.4 milliún ó fhoinsí eile, maoiniú ón AE agus ó chomhpháirtithe tionscail sa bhaile agus i gcéin. Tá €104 milliún de seo infheistithe ag comhpháirithe tionscail de chuid COC, rud a léiríonn cur chuige comhpháirtíochta COC ina leith siúd sa tionsclaíocht a chomhoibríonn leis an ollscoil. Toisc go bhfuil 80 comhaontú taighde comhoibritheach ag COC, tá an dara líon is airde comhaontuithe taighde aige le hearnáil na tionsclaíochta as measc na n-ollscoileanna in Éirinn sa bhliain 2023[2]. Tá Institiúid Náisiúnta Tyndall lonnaithe in COC, ionad taighde Eorpach ceannródaíoch ina bpléitear le bogearraí agus córais ICT chomhtháite (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide), agus saintaighde á dhéanamh ann ar mhicri-leictreonaic, fótónaic, nanaitheicneolaíocht chun nuálaíocht úrnua a chur chun cinn. Ghnóthaigh 20 ball foirne in COC deontais ó Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC), agus bronnadh deich gcinn

díobh seo ón mbliain 2021 in Horizon Europe. Eisíonn COC níos mó ná 2,500 foilseachán taighde gach bliain agus é mar an ollscoil is fearr in Éirinn maidir leis na Tagairtí Taighde a dhéantar ar fud an domhain, agus bhí 14 thaighdeoir i measc na dTaighdeoirí is mó Tagairtí Taighde sa bhliain 2023 dar le liosta *Clarivate.*

Le blianta beaga anuas tá Nuálaíocht COC tar éis cur le tiomantas na hollscoile tacú leis an aistriú taighde, cruthaitheachta agus maoine intleachtúla go dtí táirgí agus seirbhísí nua atá deartha chun freastal ar éilimh ghnó agus thionsclaíochta. Sa bhliain 2023, nocht taighdeoirí COC 45 fionnachtain, comhdaíodh 15 phaitinn, faomhadh seacht bpaitinn agus bhí 35 ceadúnas, rogha agus sannachán ann. Le linn na bliana céanna seoladh ceithre mhac-chuideachta, rud a fhágann gurb é líon iomlán na mac-chuideachtaí in COC (iad siúd atá gníomhach ar chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí nó a chothrom thar lear) ná 33 ón mbliain 2000. Ceannaíodh seacht gcuideachta ó COC idir 2000 agus 2023, agus astu seo tá sé gcinn de na cuideachtaí a cheannaigh iad fós ag plé le hoibríochtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí na mac-chuideachtaí in Éirinn.

Tá éiceachóras saincheaptha ag COC a chuimsíonn IGNITE agus *Gateway UCC.* Gorlanna gnó iad seo a chuireann droichead ar fáil idir oideachas, taighde agus gnó. Tacaíonn clár nuathionscanta IGNITE le céimithe nua ó COC agus ó ollscoileanna eile gnólachtaí inscálaithe a chruthú as a gcuid smaointe nuálacha agus tá 175 smaoineamh nuathionscanta cothaithe aige agus €27 milliún mar infheistíochtaí ón mbliain 2011 mar thoradh. Sa bhliain 2023 bhí 35 céimí ar chlár Ghorlann Nuathionscanta IGNITE. Tacaíonn Gateway UCC le gnólachtaí nuathionscanta agus mac-chuideachtaí a bhfuil taighdeoirí i bhfeighil orthu agus a chruthaigh níos mó na 450 post ón mbliain 2012. Le linn na tréimhse sin, thacaigh *Gateway UCC* le cuideachtaí a bhfuil €50 milliún gnóthaithe acu mar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, ag tacú le níos mó ná 70 gnólacht nuathionsanta, rud a chruthaíonn níos mó ná €25 milliún gach bliain mar thuarastail le haghaidh an gheilleagair. Sa bhliain 20203 bhí naoi gcinn de chuideachtaí gorlainne in *Gateway UC*C ag tacú le 65 post.

De bhua a chuid céimithe, meallann COC infheistíocht dhíreach choigríche (FDI) mar aon le hinfheistíocht dhúchasach, rud a chuireann go mór le forbairt eacnamaíoch Chorcaí. Tá dlúthbhaint idir fostaíocht FDI i gCorcaigh agus fás agus dul chun cinn COC, rud a léiríonn ról fíorthábhachtach na hOllscoile i ndinimic eacnamaíochta réigiúnach. Bhí tábhacht nach beag ag baint le héiceachóras cruthaitheachta agus nuálaíochta COC chun cnuasaigh thionsclaíocha cheannródaíocha den chéad scoth a bhunú, go háirithe in earnáil na cógaisíochta. Tá oibríochtaí i gCorcaigh ag sé cinn de na comhlachtaí cógaisíochta domhanda is fearr agus téann céimithe ardoilte de chuid COC go mór chun tairbhe dóibh. Idir 2017 agus 2022 chomhoibrigh COC le níos mó ná 5,000 institiúid ar fud an domhain. Comhartha de dhea-theist COC is ea na torthaí taighde agus níos mó ná 2,500 foilseachán taighde aige gach bliain agus é mar mhol nuálaíochta agus mar ollscoil nua-aimseartha taighde-bhunaithe.

---

[1] www.timeshighereducation.com/world-university-rankings/2023/world-ranking.

[2] *Suirbhé um Aistriú Eolais 2022 ó Aistriú Eolais Éirinn, ar fáil ag* https://tinyurl.com/KTI-annual-survey-2023.

*Inneall fíorthábhachtach is ea Coláiste na hOllscoile Corcaigh ó thaobh tallainne agus nuálaíochta de le haghaidh phobal na hinfheistíochta dírí coigríche i gCorcaigh agus lasmuigh de. Tá cur chuige comhoibritheach ag COC le cuideachtaí ilnáisiúnta agus cinntíonn amhlaidh an t-aistriú eolais leanúnach idir an léann agus an tionsclaíocht. Cuireann an ollscoil tallann den chéad scoth ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta, rud a chuireann le dea-theist na hÉireann mar shuíomh iontach oideachais agus taighde acadúil.*

**- GFT Éireann**






## CÁS-STAIDÉAR: UCC TODHCHAÍOCHTAÍ COC: CANDAM AGUS FÓTÓNAIC

**Taighde claochlaithe dearadh réabhlóideach a dhéanamh ar néarai-spreagthóirí in-ionphlandaithe**

Tá comhoibriú bunaithe ag taighdeoirí IPIC (Ionad Éireann um Chomhtháthú Fótónaice) in Institiúid Náisiúnta Tyndall le comhlacht sa Bheilg darb ainm *Synergia Medical* chun ardán néarai-spreagtha in-ionphlandaithe optaileictreonach nuálach a fhorbairt agus iad ag súil go mbeidh sé mar réabhlóid chun cóireáil a chur ar roinnt galar díblithe, lena n-áirítear pian ainsealach, galar Parkinson, titimeas atá frithsheamhach in aghaidh drugaí, siondróm Ondine agus dúlagar. Deirtear san fhoilseachán is déanaí de Nature go ndéanann an teicneolaíocht iontach úrnua seo an MRI iomlán a chomhtháthú go sábháilte le hardchumais bhraite optúla agus chumarsáide. Murab ionann le gnáthghléasanna spreagtha leictreacha, cuirtear ar fáil leis an ardán seo smacht agus monatóireacht bheacht ar ghníomhaíocht néarach, rud a laghdaíonn na drochéifeachtaí agus a fheabhsaíonn na torthaí teiripeacha. Toisc gur féidir leis an ionphlanda feidhmiú go sábháilte laistigh de thimpeallachtaí MRI is féidir tabhairt faoi íomháú leanúnach agus coigeartú fíor-ama a dhéanamh ar chóireálacha, rud a léiríonn dul chun cinn nach beag i sábháilteacht agus éifeachtacht na dteiripí néarai-spreagtha. Tá sé d'acmhainn ag an mórfhorbairt seo cur go mór le cáilíocht an tsaoil ag othair a bhfuil galair néareolaíocha acu agus leagann sé béim ar an ról fíorthábhachtach a imríonn an taighde idirdhisciplíneach chun dul i ngleic le dúshláin chasta leighis.




## CÁS-STAIDÉAR: LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE 2030

**Pobail a ghríosú chun aistriú go dtí todhchaí inbhuanaithe agus íseal ó thaobh carbóin de**

Bunaíodh an tionscadal nuálach ilphháirtíochta seo sa bhliain 2018 agus mórchuid gradam gnóthaithe aige ó shin. Is ar Leithinis Chorca Dhuibhne, Co. Chiarraí atá sé lonnaithe agus tá na heagraíochtaí seo páirteach ann: Mol an Daingin, Gréasáin BSL, KEWKD, agus MaREI, Ionad Fuinnimh, Aeráide agus Mara de chuid COC. Tá obair déanta ag an gcomhpháirtíocht seo leis an bpobal chun na athruithe sochaíocha a chumasú a bhfuil ga leo chun aistriú inbhuanaithe a dhéanamh. Baineann amhlaidh le fuinneamh, talmhaíocht, cúrsaí mara, iompar agus turasóireacht agus é mar shaotharlann bheo, rud a léiríonn conas is féidir linn uile maireachtáil go hinbhuanaithe sna blianta amach romhainn. D'úsáid taighdeoirí COC cur chuige comhoibritheach an taighde ghafa chun tacú le pobal leithinis Chorca Dhuibhne agus iad ar a dturas inbhuanaitheachta, agus chun na nithe a foghlaimíodh a roinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an dea-thionchar le feiceáil mar gur bunaíodh Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Fheirmeoirí Déiríochta Iarthar Chiarraí; treochlár áitiúil maidir le díleá anaeróbach; pobal áitiúil a bhí ar an eolas agus páirteach; agus ainmniú na Leithinse mar Zón Dícharbónaithe Chomhairle Contae Chiarraí. Bhíothas in ann an inbhuanaitheacht a thomhas sa phobal áitiúil a bhuí leis an tionscadal seo, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh bhaile agus na talmhaíochta, méadú ar úsáid grianphainéil dín ar an leithinis agus athruithe i bpolasaithe ag tacú le tionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide agus le laghdú astaíochtaí carbóin áitiúla.

**7,000**
u.a.c. á ndéanamh ar bhonn deonach ag mic léinn

**45** Club Spóirt

**119** cumann na mac léinn a imríonn tionchar dearfach ar shaol na mac léinn

**Rangaítear COC sa**
**6ú**
háit ar domhain ó thaobh na hinbhuanaitheachta de

**INSTITIÚID INBHUANAITHE DHOMHANDA**
na Bliana 2023

**21%**
de mhic léinn ag teacht go COC ar chosáin rochtana



# TIONCHAR SOCHAÍOCH AGUS CULTÚRTHA

Spreagann Coláiste na hOllscoile Corcaigh athrú sóisialta a bhuí le rochtain ar an oideachas, caidreamh leis an bpobal, sláinte agus folláine, agus tionchar domhanda. Leagtar amach i Plean Straitéiseach COC 2023 – 2028: *Go Buan Feasta* a thiomantas do thodhchaí níos fearr a chruthú i gcomhar. Imríonn COC ról nach beag chun todhchaí shábháilte, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chruthú don 24,386 mac léinn faoina chúram mar aon leis an[1] 3,616 ball foirne agus an pobal máguaird. Cuireann mic léinn 7,000 u.a.c. mar sheirbhís phoiblí ar fáil gach bliain[2], rud a shaibhríonn an saol agus a chuireann go mór leis an bpobal.

Ceannródaí is ea COC chun an rochtain ar an ardoideachas a mhéadú. Tá 21% de na fochéimithe ina mic léinn lánfhásta nó ina mic léinn mhíchumasacha nó is as cúlraí neamhthraidisiúnta iad nach dtéann ar an ollscoil de ghnáth. Imríonn amhlaidh dea-thionchar ar ionchuimsitheacht, in atmaisféar fáilteach ina gcuirtear oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do chách. Tá cuid maith de na fochéimithe seo ar an gcéad ghlúin a chuaigh chun na hollscoile. Baineann siad tairbhe as Rochtain COC a thacaíonn lena gcuid rannpháirtíochta san oideachas tríú leibhéal agus cuirtear lena gcuid ioncaim agus folláine ina dhiaidh sin leis. Chuir COC tús le déanaí le cosáin phrintíseachta nua ina soláthraítear meascán ar leith den fhoghlaim acadúil agus oiliúint phraiticiúil phoist.

Tá COC tugtha do chairt Athena SWAN agus straitéisí a gcur i bhfeidhm aige chun comhdheiseanna agus tacaíocht do chách a chur chun cinn, ag díriú ar chultúr ionchuimsitheach a leabú in earnáil an ardoideachais. Tá gradam cré-umha aige ón mbliain 2016, agus 18 ngradam ag leibhéal na roinne aige, rud a fhágann gur ceannródaí é san earnáil in Éirinn. Cothaíonn COC soghluaisteacht shóisialta agus ionchuimsitheacht. Léiríonn a leithéidí *Proud Ally Student Network, Race Equality Network,* a stádas mar Ollscoil Tearmann, Traveller Ally Award, agus an urraíocht a dhéanann sé ar Fhéile Bhróid LADT+ Chorcaí go bhfuil COC tiomanta do thacú le pobail imeallaithe. Cinntítear leis na tionscnaimh seo go mbraitheann gach ball den phobal fáilte agus tacaíocht, rud a chuireann le sochaí níos cothroime.

Agus é ar an institiúid is mó agus is éagsúla sa réigiún, tá COC fite fuaite in aitheantas cultúrtha na cathrach agus an réigiúin. Tá cuid de na healaíontóirí is fearr sa domhan mar alumni de chuid COC, iad ag plé le foirmeacha ealaíne éagsúla. Croíghné d'eispéireas fhoireann, mhic léinn agus phobail thacúla COC is ea cúrsaí ealaíne is cultúrtha. Bhí Áiléar Glucksman mar Mhúsaem Ealaíne na hEorpa sa bhliain 2022. Ós rud é go bhfuil sé lonnaithe ar ár gcampas is léir an ról a imríonn COC chun aontacht shóisialta agus saibhriú cultúrtha a chothú. Cuirtear ceolchoirmeacha ar siúl ar an gcampas, cuir i gcás an tsraith FUAIM, mar aon le taispeántais oidhreachta, léamh filíochta ina soláthraítear éagsúlacht na dtaibhealaíon do mhic léinn, don fhoireann agus do chuairteoirí. In COC tacaíonn an tiomantas atá againne do na healaíona agus don chultúr le céimithe a bhfuil spéis thar na bearta acu sna taibhealaíona




mar chleachtas gairmiúil nó mar bhaill den lucht féachana. Soláthraíonn COC gairmithe Ealaíne an lae amárach lena Mháistreacht i mBainistiú Ealaíon agus Léiriú Cruthaitheach agus lenár gcomhpháirtíochtaí cruthaitheacha dinimicúla le heagraíochtaí ar nós Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí agus Éigse Éireann, léirímid go bhfuilimid tugtha do phobail ealaíne na hollscoile agus na cathrach a chomhtháthú. Cuirtear síos i bPlean Ealaíon agus Cultúir: *Dlús a chur le Féith na Cruthaitheachta* ár misean chun leas agus feidhm a bhaint as ár sócmhainní cultúrtha, ealaíne, oidhreachta agus cruthaitheacha, agus chun mór is fiú a dhéanamh de thaighde na n-ealaíon trasdisciplíneach agus de shamhlacha claochlaithe caidrimh. Cuireann COC an Ghaeilge chun cinn agus tá gníomhaíochtaí Ionad na Gaeilge Labhartha ina n-eiseamláir de seo. Tionscadal Pobail ar mhaithe leis an teanga is ea Barr na gCnoc ina léirítear Barr Feabhais Acadúil COC agus é i lár an aonaigh sa phobal áitiúil.

Is léir an tiomantas atá ag COC do thodhchaí inbhuanaithe agus na tionscnaimh ghlasa agus na gréasáin idirnáisiúnta a bhfuil baint aige leo. Bhí COC ar an gcéad champas ar fud an domhan ar bronnadh Brat Glas air agus aithníodh é mar Institiúid na Bliana um Inbhuanaitheacht Dhomhanda ag Dámhachtainí Idirnáisiúnta na bhFallaingeacha Glasa sa bhliain 2023. Tá COC ina campas saor ó phlaisteach ó mhí Eanáir 2023 agus tá laghdú suntasach tagtha ar phlaisteach aonúsaide dá bharr mar aon le laghdú suaithinseach ar a lorg carbóin i gcoitinne. Tá an tionscnamh seo mar chuid de straitéis mhór chun cleachtais inbhuanaithe a leabú i ngach gné de shaol an champais agus mic léinn, baill foirne agus cuairteoirí á gcur ar an eolas faoi na hiarrachtaí seo. Bunchloch is ea an Plean Gníomhaíochta um Inbhuanaitheacht & Gníomhú ar son na hAeráide[3] de straitéis aeráide COC ina leagtar amach cuspóirí uaillmhianacha chun neodracht charbóin a bhaint amach agus cosán tugtha ann chun laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030. Ceannaire is ea COC in inbhuanaitheacht na timpeallachta agus é páirteach i gComhdháil um Athrú Aeráide na Náisiún Aontaithe (COP) agus i seoladh Ghréasán na hÉireann um Réitigh Forbartha Inbhuanaithe i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste.

Cúis mhórtais do COC a thraidisiún spóirt a théann siar go dtí bunú an chéad Chlub Rugbaí san ollscoil sa bhliain 1872, agus cuireadh tús leis an tsiombail íocónach den bhlaosc agus na cros-chnámha sa bhliain 1880. Tacaíonn COC le rannpháirtíocht na mac léinn i spóirt ag gach leibhéal, lena n-áirítear scoth-fheidhmíocht, agus is ann do mhórchuid lúthchleasaithe dá chuid a bhí páirteach agus a bhuaigh boinn sna Cluichí Oilimpeacha ón mbliain 1952. Orthu seo tá roinnt Scoláirí Quercus arna dtacú ag Clár Spóirt Mhic Léinn Chumasacha COC. Ó seoladh é den chéad uair sa bhliain 2014, tá an clár seo tar éis tacú le níos mó ná 150 mac léinn ag cur barr feabhais an duine aonair chun cinn agus ag cruthú pobal dinimicúil a imríonn tionchar agus a chuireann le timpeallacht acadúil, chultúrtha agus shóisialta na hOllscoile. Sá lá atá inniu ann tá 45 club spóirt in COC ina bhfuil lúthchleasaithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear seaimpíní agus buaiteoirí bonn sna Cluichí Oilimpeacha. Tá

119 cumann ag COC faoi stiúir ag na mic léinn chun freastal ar réimsí spéise agus a chuireann deiseanna éagsúla ar fáil chun fás go pearsanta, caidreamh sóisialta a dhéanamh agus páirt a ghlacadh sa phobal.

Cothaíonn COC dlúthnaisc leis an bpobal thart timpeall air agus tá tionscamh saincheaptha tacaíochta na comharsanachta curtha i bhfeidhm aige d'fhonn timpeallacht atá slán, sábháilte agus suaimhneach a chruthú do mhic léinn agus áitritheoirí. Pléann mic léinn go dearfach leis an bpobal áitiúil agus iad ag baint leas as deiseanna foghlama an tsaoil in a iomláine. Soláthraíonn COC acmhainní oideachasúla, léachtaí poiblí, taispeántais ealaíne agus imeachtaí cultúrtha a bhfuil teacht ag muintir na háite orthu, rud a chinntíonn go mbaineann an pobal féin tairbhe as Ollscoil a bheith sa cheantar.

> *"Bailítear le chéile in Áiléar Glucksman pobail agus ealaíontóirí chun a gcuid smaointe agus tuairimí mar gheall ar mhórcheisteanna na sochaí a roinnt, a scagadh agus a nochtadh. Sa tslí seo, éiríonn na hamharc-ealaíona mar uirlis chumhachtach chun nithe a chur in iúl. Tugann an Glucksman tús áite dá ról mar institiúid shibhialta ina gcothaítear scileanna cruthaitheachta i measc pobail éagsúla."*
>
> **- Breithiúna an Chomórtais de chuid Acadamh Mhúsaem na hEorpa le haghaidh ghradam Mhúsaem Ealaíne na hEorpa**

## **CÁS-STAIDÉAR** TIONSCADAL BÉALOIDIS CHORCAÍ

**Cuimhní Chorcaí á dtaifeadadh agus á múnlú.**

Oibríonn Tionscnamh Béaloidis Chorcaí i Roinn an Bhéaloidis chun cultúr agus béaloideas Chorcaí a chaomhnú. Tionscadal bunaithe sa phobal é seo ina ndéantar cuimhní, scéalta, traidisiúin agus béaloideas Chorcaí a bhailiú, a chartlannú agus a roinnt ón mbliain 1996. Cuimsítear ann raon leathan ábhar, cur i gcás, an saol oibre, áineas, athrú sóisialta, sláinte, óige agus an saol laethúil. Déantar taifead den taithí saoil atá mar chúlra de stair chultúrtha Chorcaí agus úsáidtear straitéisí nuálacha chun caidreamh poiblí leis na cartlanna seo a scaipeadh agus a chur chun cinn i dtreo is go gcuirfear beocht inár gcuid tuisceana ar an saol atá thart agus an saol atá le teacht. Tugadh faoi chomhoibriú le déanaí le cartlanna eile an traidisiúin chun solas a chaitheamh ar an taithí a bhí againn ar ghéarchéim Covid agus vacsaíniú. Chuir sé go mór le folláine shóisialta, chultúrtha agus intleachtúil Chorcaí le 25 bliain




anuas, agus níos mó ná 1,000 u.a.c. de thaifid curtha faoi bhráid an phobail aige chomh maith le mórfhoilseacháin, cláir for-rochtana agus tionscnaimh phobail.

---

[1] *Aithnítear go forleathan go gcothaíonn alumni idirnáisiúnta agus iad ag filleadh ar a dtíortha dúchais dea-thoil i dtaca le hÉirinn agus Corcaigh, rud a chuireann leis an tionchar..*

[2] *Difríocht a Dhéanamh. Tuairisc Taighde ar Obair Dheonach na Mac Léinn in COC, 2018, ar fáil ag* https://tinyurl.com/Making-a-Difference-2018.

[3] *Plean Gníomhaíochta COC um Inbhuanaitheacht & Gníomhú ar son na hAeráide, 2023 – 2028, ar fáil ag* www.ucc.ie/en/sustainability-climate-action/action-plan.




# SAMPLAÍ DE THIONCHAR Ó CHUSPÓIRI FORBARTHA INBHUANAITHE NA NÁISIÚN AONTAITHE

Tá sé mar mhisean ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad. Cloíonn COC lena mhisean. Ó lá go lá, tá fíorthionchar á imirt ag COC ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar an domhan thart timpeall orainn. Tá seo rí-shoiléir sa tslí ina gcuireann COC chun cinn ar bhonn leanúnach Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)

Aithnítear COC ar cheann na hollscoileanna is fearr ar fud an domhain ó thaobh tionchair dhomhanda de agus tá sé rangaithe faoi láthair sa 67ú háit sa domhan as an méid a chuireann sé le SDGanna na Náisiún Aontaithe dar le Ranguithe Tionchair *Times Higher Education* 2024. Tá a rian fágtha ag COC ar cúig SDG ach go háirithe, agus é sa chéad 30 ar bhonn domhanda. In áiteanna eile, tá COC rangaithe sa 6ú háit ar domhan ag *UI GreenMetric*, measúnú neamhspleách ar leith ar thiomantas ollscoileanna do chúrsaí inbhuanaitheachta. Léiríonn na samplaí thíos tiomantas COC chun dul i ngleic le cuid de mhórdhúshláin dhomhanda an lae inniu, ó shlándáil agus inbhuanaitheacht bhia go dtí síocháin agus seasmhacht shóisialta a chur chun cinn. Chomh maith leis an mbéim a leagann COC ar fhreagracht shóisialta agus caidreamh leis an bpobal, tá na hardmholtaí mar thaca le hiarrachtaí COC chun SDGanna na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn go háitiúil agus ar fud an domhain.




## Deireadh le hocras, slándáil bhia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn

**Tá COC sa 20ú háit ar domhan i dtaca le Zero Hunger**

Tá an tionscadal Eorpach Zero Hidden Hunger faoi stiúir Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha tar éis maoiniú suntasach a ghnóthú chun tacú le taighde ceannródaíoch ar dhul i ngleic le díothaíocht na micreachothaitheach san Eoraip go ceann ceithre bliana, rud a chuirfidh feabhas ar shláinte phoiblí agus a chinnteoidh nach bhfágfar duine ar bith ar lár.




## Cathracha agus lonnaíochtaí a dhéanamh ionchuimsitheach, sábháilte, inbhuanaithe agus a bhfuil teacht aniar iontu

**Tá COC sa 30ú háit ar domhan i dtaca le Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe**

Chun plé le pobail ar shlí fhíor agus bhríoch, tá comhpháirtíocht straitéiseach ag Scoil na Staidéar Sóisialta Feidhmeach le Comhdháil Oileáin na hÉireann mar thaca le forbairt inbhuanaithe agus inmharthanacht shóisialta agus eacnamaíocht 16 oileán in Éirinn. Anuas air sin, comhoibríonn COC le hinstitiúid ardoideachais eile i gcontae Chorcaí agus i gcontae Chiarraí chun deiseanna soghluaisteachta a fheabhsú le haghaidh ball

foirne agus mac léinn agus chun tionscnaimh iompair inbhuanaithe i réigiún an iardheiscirt a chur chun cinn.

### Patrúin inbhuanaithe ídithe agus táirgthe a chinntiú

**Tá COC sa 26ú háit ar domhan i dtaca le hÍdiú agus Táirgeadh Freagrach**

Tá COC mar cheannródaí san earnáil ó thaobh chur chun cinn na hinbhuanaitheachta de mar i mí Eanáir na bliana 2023, chuir sé tús le cosc ar phlaisteach aonúsáide óna chuid oibríochtaí campais ar fad mar shampla lónadóireacht, siopaí agus meaisíní díola. Le linn na chéad bhliana sábháladh ní ba mhó na milliún cupán ó bheith caite i láithreáin líonta talún. Tacaíonn an gníomh seo le cuspóir COC chun bheith mar champas gan dramhaíl faoin mbliain 2030, agus mar champas atá neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2049. Cuspóirí ceannródaíocha san earnáil is ea iad seo arna leagan amach ina Phlean Gníomhaíochta um Inbhuanaitheacht & Gníomhú ar son na hAeráide.

### Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe

**Tá COC sa 29ú háit ar domhan i dtaca leis an Saol Faoi Thoinn**

Sa bhliain 2023, d'eisigh grúpa Geo-Eolaíochta Mara in COC, i gcomhar le Foras na Mara, Léarscáil Gheomoirfeolaíoch de Ghrinneall Scairbh Fharraige na hÉireann an chéad léarscáil den scairbh ilchríochach Éireannach ina hiomláine. Tá tábhacht nach beag ag baint leis an taighde úrnua seo ar mhaithe leis an gcinnteoireacht chuí i leith gníomhaíochtaí amach ón gcósta agus i leith bhainistiú chomhshaol mara na hÉireann. Beidh an léarscáil mar thaca do chleachtais inbhuanaithe in earnálacha ar nós an fhuinnimh in-athnuaite agus na gcáblaí teileachumarsáide, rud a chinnteoidh go n-úsáidfear acmhainní mara ar bhonn caomhach agus inbhuanaithe.

### Sochaithe síochánta agus ionchuimsitheacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, ceartas a sholáthar do chách agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus inochuimsitheacha ag gach leibhéal a thógáil

**Tá COC sa 16ú háit ar domhan i dtaca le Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre**

Cuireann COC an tsaoirse acadúil chun cinn, tacaíonn sé le scoláirí díláithrithe agus cuireann deiseanna oideachais ar fáil do theifigh agus iarrthóirí tearmann. Tá COC ina bhall gníomhach den ghréasán Éireannach, Scoláirí i mBaol a chuireann postanna acadúla agus tearmann ar fáil do scoláirí atá faoi bhagairt. Ón mbliain 2018 ar aghaidh, tá COC ainmnithe mar Ollscoil Tearmainn, agus reáchtálann sé scéim scoláireachtaí a thacaigh le níos mó ná 150 mac léinn chun dul i mbun staidéir in COC.

> *"D'imir Coláiste na hOllscoile Corcaigh ról lárnach i bhfás agus dul chun cinn QT Technologies Ireland Ltd, (Qualcomm Ireland) i gCorcaigh agus in Éirinn. Comhoibriú den chéad scoth atá eadrainn le níos mó ná deich mbliana agus dheineamar mórchuid gaiscí ar an turas seo le chéile. Tá curtha ag COC le fás acmhainní in Qualcomm Ireland, a bhuí leis na céimithe ag leibhéil na fochéime, na Máistreachta agus na Dochtúireachta. Tá intéirneachtaí déanta acu linn agus lean siad orthu mar fhostaithe lánaimseartha. Mar fhianaise air seo, is céimithe de chuid COC 12% de bhaill foirne Qualcomm Ireland go dtí seo. Ciallaíonn an caidreamh atá eadrainn go bhfuil dlúth-chomhpháirtíochtaí agus dlúthchairdeas againn le foireann COC, agus is mór againn an méid sin. Tá tionchar nach beag ag an am agus na hiarrachtaí atá roinnte ag COC go fial linn i gcaitheamh na bliana ar an bhfás agus an fhorbairt seo againne. Anuas air sin, toisc go bhfuilimid ag obair go dlúth lena chéile, d'éirigh le Qualcomm Ireland plé le foireann agus le mic léinn, rud atá mar fhoinse inbhuanaitheachta dúinn."*
>
> **- Paul Kelleher, Leas-Uachtarán, Innealtóireacht, Qualcomm**



*Helen O'Keefe (ESB), John Carlton (Shannon Foynes Port Company), Ronan O'Flynn (ESB), Dr. Jimmy Murphy (MaREI/UCC)*

# CÁS-STAIDÉAR:

**An taighde mar ghríosú le haistriú na hÉireann mar earnáil fuinnimh dhícharbónaithe.**

Tá tionchar á imirt le fada an lá ag COC ar na forbairtí in Éirinn maidir le giniúint an leictreachais. Ceimiceoir clúiteach ab ea an chéad Uachtarán ar COC, Sir Robert Kane, agus d'fhoilsigh seisean anailís cheannródaíoch ar chúrsaí hidreachumhachta, a bhí mar thaca leis an gcinneadh a dhein an Rialtas sna 1920í chun 20% den GDP a infheistiú i Scéim na Sionainne in Ard na Croise. Mar thoradh air seo, bunaíodh Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) a chuir aibhléis ar fáil don náisiún i gcaitheamh na mblianta ina dhiaidh sin.

Sa lá atá inniu ann, leanann COC le dea-thionchar a imirt ar an aistriú fuinnimh in Éirinn. Rinne an tOllamh Brian Ó Gallchóir, an Dr Paul Deane agus Ionad MaREI in COC anailís chuimsitheach ar éabhlóid an chórais fuinnimh in Éirinn agus bhí an anailís chéanna mar thaca le huaillmhian BSL chun astaíochtaí carbóin nialasaigh a bhaint amach faoin mbliain 2040. Leagtar amach sa straitéis Driven to Make a Difference: Net Zero by 2040 tiomantas BSL chun astaíochtaí carbóin nialasaigh a bhaint amach ach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí fuinnimh nuálacha a sholáthraíonn fuinneamh carbóin nialasaigh, rud atá faoi réir ag Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

A bhuí le ceannaireacht COC a chuaigh i mbun taighde ar fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus ar hidrigin, agus é i mbun taighde i gcomhar le BSL, tá BSL ag cur nuálaíochtaí chun cinn a chuirfidh feabhas ar chumas na heagraíochta sin agus í san iomaíocht sna réimsí seo anois agus san am atá le teacht. Mar a léirítear i gcás-staidéar ar leith in Powering Prosperity Ireland's Offshore Wind Industrial Strategy, ba mhór an tábhacht a bhain leis an ról a bhí ag COC i gcomphháirtíochtaí ar thionscadail chun treoirphlean a leagan amach maidir le fuinneamh gaoithe amach ó chósta na hÉireann a fhorbairt, agus chun margaí nua a ghníomhú le haghaidh na hidrigine a ghintear ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Anuas air sin, tharla comhoibriú idir COC, BSL, agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge sa tionscadal Stórais Fhliuch, tionscadal a chuirfidh ar chumas lucht na tionsclaíochta tuiscint níos fearr a fháil ar na háiseanna riachtanacha is gá chun tuirbíní gaoithe snámhacha amach ón gcósta a stóráil ar bhonn sealadach.



*"D'imir obair MaREI tionchar nach beag ar an straitéis seo againne. Bunaithe ar ár gcuid taithí, creidimid gur chuir an fhoireann go mór leis an díospóireacht náisiúnta agus ar fhorbairt polasaithe bunaithe ar an diantaighde a deineadh."*

**- BSL**

## URRAITHEOIR:

An tOllamh John O'Halloran , Uachtarán

## FOIREANN:

An tOllamh Justin Doran, Ceann Roinn an hEacnamaíochta, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí

An tUas David Hogan, Oifigeach Sonraí agus Taighde Institiúidigh

An tOllamh Mark Hutchinson, Cathaoirleach an Airgeadais, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí

An Dr Yuping Yin, Taighdeoir Iardhochtúireachta, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí

## COISTE STIÚRTHA:

An tOllamh Thia Hennessy, Ceann Choláiste an Ghnó agus an Dlí

An Dr Sandra Irwin, Bainisteoir Tionscadail, Oifig an Uachtaráin

An Dr Jennifer Murphy, Comhairleoir (Eatramhach) an Uachtaráin, Oifig an Uachtaráin

An Dr Jean van Sinderen-Law, Leas-Uachtarán Comhlach agus Stiúrthóir um Chaidreamh Eorpach agus Gnóthaí Poiblí, Oifig an Uachtaráin

## GRIANGHRAFADÓIREACHT:

Max Bell, Rubén Tapia, Rob Lamb agus Tomás Tyner


WELCOME
UCC
CÉAD MÍLE FÁILTE
UCC



Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland